

Ophelia

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin stoirm Ophelia i gContae na Gaillimhe. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa mhír?

reachtaíocht	pionós	
aird a thabhairt ar	foláirimh	héileacaptar tarrthála
údar imní	contúirteach	
na seirbhísí éigeandála	an dlí	cosáin



Ceist 2

Déantar plé sa tuairisc ar an damáiste a rinne stoirm Ophelia i gContae na Gaillimhe agus ar na daoine a chuaigh ag snámh in ainneoin na bhfoláireamh a tugadh. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Conas a bhí an stoirm i do cheantar féin? An ndearnadh mórán damáiste?
2. Ar cheart pionós a ghearradh ar dhaoine a chuaigh ag snámh in ainneoin na bhfoláireamh, dar leat?
3. Cad atá ar eolas agat faoin gCaptaen Dara Fitzpatrick?

Ceist 3

Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cad a dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar?
2. Cé hí Niamh Fitzpatrick?
3. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo – 40, 50 agus 15?
4. Cad a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cosc a chur ar dhaoine dul isteach san fharrage le linn na stoirme?
5. Cad a cheap na daoine, ar cuireadh agallamh orthu sa mhír, faoi dhaoine a bheith ag snámh le linn na stoirme?
6. Cad a deir na Gardaí i mBóthar na Trá faoin scéal?
7. Cén damáiste a rinneadh i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe?

Ceist 4 ‘...An Charraig Dhubh...’

An féidir leat Gaeilge a chur ar na háiteanna seo thíos?

- Tralee
- Derry
- Kilkenny
- Ballina
- Dundalk
- Mullingar
- Roscommon

Ceist 5 ‘...formhór...’

Is féidir focail áirithe a cheangal le chéile sa Ghaeilge chun comhfocal a dhéanamh. Ach, de ghnáth, bíonn ‘gliú’ ag teastáil chun iad a cheangal le chéile – an ‘gliú’ sin ná an séimhiú. Féach na samplaí seo:

seanhóthar
cúlhóthar

- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí comhfocail as na focail seo a leanas agus abraigí cad is brí leis na comhfocail:

comh + dáil: _____
príomh + cúis: _____
bun + cúrsa: _____
nua + teicneolaíocht: _____
ceard + cumann: _____

- B. I gcásanna áirithe ní féidir an séimhiú a úsáid mar ‘gliú’ faoi mar a fheictear sna samplaí thíos.

caolseans
leasdeirfiúr
seanduine

An bhfuil aon tuairim agat cén fáth nach féidir an séimhiú a úsáid sna cásanna sin?

Ceist 6 Bhí malairt bhrí na bhfocal thíos le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- míshona _____
- mhol _____
- iarthar _____
- cúis áthais _____
- sábháilte _____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

reachtaíocht – *legislation*
pionós – *penalty*
aird a thabhairt – *take notice of*
foláirimh – *warnings*
héileacaptar tarrhála – *rescue helicopter*
údar imní – *reason to be worried*
contúirteach – *dangerous*
na seirbhísí éigeandála – *the emergency services*
an dlí – *the law*
cosáin – *paths*

Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a phlé.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tralee: Trá Lí
Derry: Doire
Kilkenny: Cill Chainnigh
Ballina: Béal an Átha
Dundalk: Dún Dealgan
Mullingar: An Muileann gCearr
Roscommon: Ros Comáin

Ceist 5

A.
comh + dáil: comhdháil (*congress, conference*)
príomh + cúis: príomhchúis (*primary cause/reason*)
bun + cúrsa: bunchúrsa (*beginners' course*)
nua + teicneolaíocht: nuatheicneolaíocht (*new technology*)
ceard + cumann: ceardchumann (*trade union*)

B.

Ní féidir séimhiú a chur sna samplaí sin mar go bhfuil péire de na litreacha 'd, n, t, l, s' ag teacht le chéile. An riail ghramadaí atá i gceist ná nach féidir séimhiú a chur ar an dara focal sa chomhfocal sa chás go bhfuil dhá litir ón ngrúpa sin díreach in aice le chéile.

Ceist 6

míshona sásta
mhol cháin
iarthar oirthear
cúis áthais údar imní
sábháilte contúirteach

Eimear Ní Chonaola

Tá sé ráite ag an Taoiseach, Leo Varadkar, go mb'fhiú breathnú ar reachtaíocht le pionós a ghearradh ar dhaoine nach bhfuil sásta aird a thabhairt ar fholáirimh aimsire. Cháin Niamh Fitzpatrick – deirfiúr Dara Fitzpatrick ó chriú an héileacaptair tarrthála 116 – daoine a chuaigh ag snámh inné agus dúirt sí gur cheart an dlí a chur orthu.

Irene Ní Nualláin

Leagadh crainnte¹ agus bhí salachar fágtha ar os cionn 40 bóthar i nGaillimh aréir, a bhformhór acu seo in oirthear an chontae. Bhí suas le 50 aonad ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, chomh maith le cúig aonad déag ón gComhairle Cathrach amuigh óna sé a chlog ar maidin le bóithre an chontae a ghlanadh. Salachar, feamainn agus crainnte¹ is mó a bhí á nglanadh acu.

Údar inní atá ann do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go raibh daoine ag snámh sa bhfarraige² le linn na stoirme inné.

Ailish Bhreathnach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Faraor, chuaigh roinnt daoine isteach san uisce cé gur fógraíodh orthu níos mó ná uair amháin teacht amach as. Dar ndóigh, tá sé thar a bheith contúirteach agus cé nach féidir linn mórán a dhéanamh faoi ag an tráth seo, tá muid ag breathnú ar fhéidearthachtaí, b'fhéidir le cosc a chur ar rochtain le dul chuig na háiteanna sin as seo amach.

Irene Ní Nualláin

Ar an gCarraig Dhubh inniu, bhí roinnt daoine a bhí ag snámh sa bhfarraige inné, gan náire faoi, [agus] daoine eile den tuairim go raibh sé iomlán mícheart go ndeachaigh daoine isteach sa bhfarraige² agus stádas dearg i bhfeidhm sa gcathair³.

'Ní raibh sé ceart go ndeachaigh⁴ siad isteach san uisce. Chuir sé na *emergency services*⁵ i gcontúirt.'

'Bhí sé an-dainséarach ach faigheann siad sult as agus téann siad isteach gach aon lá.'

Deir na Gardaí i mBóthar na Trá nár bhris na daoine seo aon dlí agus nach bhfuil siad in ann aon pionós a ghearradh orthu dá bharr.

Idir an dá linn, tá an dá údarás i nGaillimh ag scrúdú an damáiste a rinneadh sa gcontae⁶, go háirithe do bhallaí cosanta ar an gcósta, do chosáin agus do bhóithre. Beidh roinnt seachtainí eile ann, a deir siad, sula mbeidh an costas iomlán ar eolas acu.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

¹ *crainn* an leagan caighdeánach

² Córas Chonnacht

³ Córas Chonnacht

⁴ *go bhfaighidh* a deirtear

⁵ *na seirbhísí éigeandála* an leagan Gaeilge

⁶ Córas Chonnacht